CINNEADH (CBES) 2020/755 ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Meitheamh 2020

lena leasaítear Cinneadh (CBES) 2016/2383 maidir le tacaíocht an Aontais do ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach i réimsí na slándála núicléiche agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis an Aontais i gcoinne Leathadh na nArm Ollscriosta

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 28(1) agus 31(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 21 Nollaig 2016, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2016/2383 ([1]), lena bhforáiltear do thréimhse cur chun feidhme 36 mhí ó dháta thabhairt i gcrích an chomhaontaithe maoinithe dá dtagraítear sa Chinneadh sin, le haghaidh na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de.

(2) Síníodh an comhaontú maoinithe leis an nGníomhaireacht Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach (IAEA) an 15 Meitheamh 2017 agus, dá bhrí sin, rachaidh sé in éag an 14 Meitheamh 2020.

(3) An 8 Bealtaine 2020, d'iarr an IAEA síneadh a chur leis an tréimhse cur chun feidhme agus le spriocdháta conarthach Chinneadh (CBES) 2016/2383 ó 36 mhí go 42 mhí, go dtí an 14 Nollaig 2020. Tá an síneadh a iarradh mar thoradh ar phaindéim COVID-19 agus fionraí shealadach gach taistil neamhchriticiúil agus cruinnithe go dtí an 1 Meitheamh 2020, lena n-áirítear iad siúd atá le reáchtáil i Vín, lena n-éilítear saineolaithe neamhchónaitheacha a bheith rannpháirteach

(4) Is féidir leanúint de na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1 de Chinneadh (CBES) 2016/2383 a dhéanamh gan aon impleacht a bheith ann maidir le hacmhainní airgeadais go dtí an 14 Nollaig 2020.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh (CBES) 2016/2383 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirtear an méid seo a leanas isteach in ionad Airteagal 5(2) de Chinneadh (CBES) 2016/2383:

"Rachaidh an Cinneadh seo in éag an 14 Nollaig 2020".

([1]) Cinneadh (CBES) 2016/2383 ón gComhairle an 21 Nollaig 2016 maidir le tacaíocht an Aontais do ghníomhaíochtaí na Gníomhaireachta Idirnáisiúnta do Fhuinneamh Adamhach i réimsí na slándála núicléiche agus faoi chuimsiú chur chun feidhme Straitéis AE i gcoinne Leathadh na nArm Ollscriosta (IO L 352, 23.12.2016, lch. 74).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 June 2020.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
A. METELKO-ZGOMBIĆ